# Gradaim an Mhéara
# The Mayor's Awards

Ag ceiliúradh gníomhaíochtaí deonacha i saol an phobail i gCathair na Gaillimhe

Celebrating voluntary activity in community life in Galway City

Comhairle Cathrach na Gaillimhe

Galway City Council



**Méara Chathair na Gaillimhe, An Comh. Colette Connolly**
**Mayor of the City of Galway, Cllr. Colette Connolly**

Is é príomhchuspóir Ghradaim Bhliantúla an Mhéara luach a lua le, tacú le agus obair oibrithe deonacha a chur chun cinn agus rannpháirtíocht i ngníomhaíocht dheonach i gCathair na Gaillimhe a spreagadh.

Tabharfaidh 19ú Gradaim an Mhéara aitheantas do thiomantas agus do rannpháirtíocht daoine aonair agus do ghrúpaí iontacha i ngníomhaíochtaí deonacha, a théann chun tairbhe go leor pobal éagsúil sa Chathair.

Fáiltítear roimh ainmniúcháin daoine aonair nó grúpaí a bhfuil baint acu le gníomhaíocht dheonach a bhaineann le ceann de na catagóirí seo a leanas:

The principal objective of the Annual Mayor's Awards is to value, support and promote the contribution of volunteers and encourage participation in voluntary activity in Galway City.

The 19th Mayoral Awards will acknowledge outstanding individuals or groups for their commitment and participation in voluntary activities, benefiting the many diverse communities throughout the City.

Nominations are invited for individuals or groups involved in voluntary activity that falls under one of the following categories:

Gradaim an Mhéara
The Mayor's Awards

## Gradam na nEalaíon, an Chultúir, na hOidhreachta agus Cúrsaí

## Arts, Culture, Heritage and Cúrsaí Gaeilge Award

Is bealach é an gradam seo chun ceiliúradh a dhéanamh ar an obair atá déanta ag oibrithe deonacha i rith 2021 ar mhaithe le leanúint le Gaillimh a fhorbairt mar chathair a mbaineann tábhacht inti leis na healaíona, an cultúr, an oidhreacht nádúrtha agus thógtha agus an Ghaeilge.

This award celebrates the contribution of volunteers throughout 2021 to the continuing development of Galway as a city that places the arts, culture, the natural and built heritage and the Irish language at the heart of its existence.

## Gradam na gCónaitheoirí agus na gCeantar Áitiúil

## Residents and Local Areas Award

Téann an obair a dhéanann daoine aonair agus grúpaí trí ghníomhaíochtaí éagsúla i gceantair áitiúla chun an timpeallacht mórthimpeall orthu a fheabhsú chun tairbhe na bpobal a bhfuil cónaí orthu sa chathair. Is aitheantas ar an obair a rinneadh sa chomhthéacs seo i rith 2021 é an gradam seo.

Community living in the city is strengthened by the work which individuals and groups undertake across a range of activities in local areas to enhance the environment in which they live. This award recognises that contribution throughout 2021.

## Gradam na Seirbhíse Pobail agus an Chuimsithe Shóisialta

(Gradam do Dhuine Aonair & Gradam do Ghrúpa)

## Community Service and Social Inclusion Award

(Individual Award & Group Award)

Tá an Gradam seo dírithe ar an raon leathan gníomhaíochtaí pobail a bhíonn ar siúl sa chathair. Tugtar aitheantas don obair dheonach a dhéanann daoine aonair agus grúpaí a bhfuil sé mar aidhm acu daoine a spreagadh chun páirt iomlán a ghlacadh inár sochaí.

This award acknowledges the broad spectrum of community activities that take place within our city. It recognises the voluntary contribution of individuals and groups that have worked to encourage all people to engage fully in our society.

## Gradam d'Oibrí Deonach Scothaosta na Bliana

## Older Person Volunteer of the Year Award

Tá ról lárnach ag ionchur ár saoránach níos sine inár bhforbairt mar chathair bhríomhar agus iontach, agus is deis é an Gradam seo aitheantas a thabhairt don obair a rinne daoine atá níos sine ná 65 bliain d'aois ar mhaithe lenár bpobal, i rith 2021, mar oibrithe deonacha, ina n-aonar nó mar bhaill de ghrúpaí.

This input of our older citizens is fundamental to our development as a vibrant and wonderful city, and this award recognises the contribution to our community by people over the age of 65 years, throughout 2021 as volunteers either individually or in groups.

## Gradam Oibrí Deonach Spóirt na Bliana

## Sports Volunteer of the Year Award

Is deis é an Gradam seo aitheantas a thabhairt don obair iontach a dhéanann oibrithe deonacha ina bpobal áitiúil agus sa chathair trína rannpháirtíocht agus tiomantas do chúrsaí spóirt.

This award acknowledges the invaluable contribution volunteers make to their local community and the city through their involvement and commitment to sport in their community.

## Gradam Tacaíochta do Leanaí agus Daoine Óga

## Children and Youth Support Award

Tá go leor daoine sásta am a chaitheamh ag tacú le rannpháirtíocht i gcaitheamh aimsire agus i ngníomhaíochtaí eile a bhíonn ar siúl ag leanaí agus ag daoine óga ar fud na cathrach. Is aitheantas ar an obair a rinneadh sa chomhthéacs seo i rith 2021 é an gradam seo.

Many people give of their time to support participation in recreation and other activities by children and young people across the city. This award recognises that work throughout 2021.

## Gradam Oibrí Deonach Óg na Bliana

## Young Volunteer of the Year Award

Is deis é an Gradam seo ceiliúradh a dhéanamh ar agus aitheantas a thabhairt don obair atá déanta ag daoine óga faoi 25 bliain d'aois mar oibrithe deonacha le grúpaí éagsúla lena n-áirítear eagraíochtaí óige agus grúpaí tacaíochta agus comhlachtaí ionadaíocha ar mhaithe leis an gcathair a fheabhsú faoi láthair agus amach anseo.

This category celebrates and acknowledges the work done by people under the age of 25 as volunteers with a variety of groups from youth organisations to support groups to representative bodies to improve our city both now and for the future.

## An Gradam Inbhuanaitheachta Comhshaoil

## Environmental Sustainability Award

Ag cur le hainmniúchán Dhuilleog Ghlas Eorpach Chathair na Gaillimhe (2018), tugann an Gradam seo aitheantas d'oibrithe deonacha a bhí ag obair leo i rith 2021 ar mhaithe le cúrsaí comhshaoil a fheabhsú i gCathair na Gaillimhe.

Building on Galway City's European Green Leaf designation (2018), this award recognises volunteers working throughout 2021 towards better environmental outcomes in Galway City.

## Gradam Oibrí Deonach na Bliana Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

## The Galway City Council Volunteer of the Year Award

Bronnfar an gradam seo ar dhuine de na daoine a bheidh ainmnithe i gcatagóir eile.

This award will be given to one of those nominated in another category.

Gradaim an Mhéara
The Mayor's Awards

Gheobhaidh buaiteoirí na ngradam trofaí atá coimisiúnaithe go speisialta agus €500. Gheobhaidh gach ainmní teastas ó Mhéara Chathair na Gaillimhe ag Searmanas na nGradam mar aitheantas ar an obair dheonach atá déanta acu ar mhaithe leis an bpobal ar fud na cathrach.

Each of the award winners will receive a specially commissioned trophy and a payment of €500. Each of the nominees will receive a certificate from the Mayor of Galway City at the Awards Ceremony in recognition of their voluntary activity in community life across the city.

Más mian leat duine, grúpa nó eagraíocht dheonach a ainmniú le haghaidh aon cheann de na catagóirí gradaim seo, comhlánaigh foirm ainmniúcháin ar líne ar shuíomh gréasáin na comhairle ag **www.galwaycity.ie/MayorsAwardsNomination**

Cuir sonraí maidir leis an méid seo a l eanas ar fáil:

- **Gníomhaíochtaí agus éachtaí agus obair an ainmní i rith 2021**
- **An difríocht atá déanta ag an ainmní sa phobal i rith 2021**
- **Na cúiseanna gur cheart an Gradam a bhronnadh ar an ainmní**

Beidh gach ainmniúchán á bhreithniú ag painéal moltóirí, a bheidh faoi chathaoirleacht Mheára Chathair na Gaillimhe, agus bunaithe ar an eolas a chuirtear ar fáil ar na foirmeacha iarratais a fhaightear.

Glacfar le hainmniúchán go dtí **4pm, Dé hAoine, an 1 Aibreán 2022**.

Bronnfar na gradaim ag searmanas a reáchtálfar, Dé Máirt, an 24 Bealtaine 2022 in Óstán an Galmont i nGaillimh agus tabharfar cuireadh chuig an searmanas do gach Ainmní agus Ainmnitheoir.

Is féidir foirmeacha ainmniúcháin a fháil ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimh, Leabharlanna Cathrach na Gaillimhe nó ag www.galwaycity.ie

If you would like to nominate a person, group or voluntary organisation for any of these award categories please complete an online nomination form on the council website at **www.galwaycity.ie/MayorsAwardsNomination**

Please include:

- **The nominee's activities and their achievements and contributions throughout 2021 in these activities**
- **The significant difference the nominee has made in the community throughout 2021**
- **The reasons why the nominee deserves the Award**

All nominations are adjudicated by a panel of judges, chaired by the Mayor of Galway City and based on the contents of nomination forms submitted.

The closing date for nominations is **4pm on Friday 1st April 2022**.

The awards will be presented at a ceremony on Tuesday 24th May 2022 in the Galmont Hotel, Galway to which all Nominees and Nominators will be invited.

Nomination forms are available from Galway City Council, City Hall, College Road, Galway, Galway City Libraries or from www.galwaycity.ie

SEOL NA hAINMNIÚCHÁIN CHUIG

**Emma Johnston**
**f/ch Gradaim an Mhéara**
**Comhairle Cathrach na Gaillimhe**
**Halla na Cathrach,**
**Bóthar an Choláiste, Gaillimh**
**Teileafón 091 536 358**
**Ríomhphost mayorsawards@galwaycity.ie**

SEND NOMINATIONS TO

**Emma Johnston**
**C/o The Mayor's Awards**
**Galway City Council, City Hall**
**College Road, Galway**
**Telephone 091 536 358**
**Email mayorsawards@galwaycity.ie**

## Buaiteoirí Ghradaim an Mhéara 2021
## Winners of the Mayor's Awards 2021

Gradaim an Mhéara
The Mayor's Awards

Bronnadh Gradaim ar Bhuaiteoirí i Naoi gCatagóir a bhain le réimsí éagsúla ag searmanas fíorúil, buaiteoirí a raibh tionchar suntasach acu ar shaol daoine i gCathair na Gaillimhe. Seo a leanas buaiteoirí na ngradam sna naoi gcatagóir:

There were nine Category Winners awarded at a virtual awards ceremony, across a hugely diverse range of areas, all making a significant impact across Galway City. The recipients in each of the award categories were:

### Gradam na nEalaíon, an Chultúir, na hOidhreachta & Cúrsaí Gaeilge
### Arts, Culture, Heritage & Cursaí Gaeilge Award

**Dr Chaosheng Zhang**

### Gradam na gCónaitheoirí agus na gCeantar Áitiúil
### Residents & Local Areas Award

**Martina Murray**

### Gradam na Seirbhíse Pobail agus an Chuimsithe Shóisialta (Aonair)
### Community Service & Social Inclusion (Individual) Award

**Mary Joyce-Glynn**

### Gradam na Seirbhíse Pobail agus an Chuimsithe Shóisialta (Grúpa)
### Community Service & Social Inclusion (Group) Award

**Ionad d'Oibrithe Deonacha na Gaillimhe**
**Community Call Shopping Volunteers**

Chun na gradaim a cheiliúradh, sheol an Méara físeán Spiorad Pobail Chathair na Gaillimhe - físeán gearr a coimisiúnaíodh chun léargas a thabhairt ar agus aird a tharraingt ar an spiorad pobail agus dlúthpháirtíocht a tugadh faoi deara i rith 2020, spiorad a bhfuil tionchar mór aige ar chaighdeán saoil gach uile phobal ar fud Chathair na Gaillimhe. Is féidir breathnú ar an bhfíseán seo ar chainéal YouTube Chomhairle Cathrach na Gaillimhe **https://fb.watch/aVq_easOSe/**

### Gradam d'Oibrí Deonach Scothaosta na Bliana
### Older Volunteer of the Year Award

**Con O'Donovan & Martin Crowley**
**(beirt oibrithe deonacha) (as a volunteer duo)**

### Gradam d'Oibrí Deonach Spóirt na Bliana
### Sports Volunteer of the Year Award

**Ag Rámhaíocht chun Téarnaimh**
**Row to Recovery**

### Gradam Tacaíochta do Leanaí agus Daoine Óga
### Children and Youth Award

**Foireann Oibrithe Deonacha Éisteachta Líne Chabhrach na Leanaí na Gaillimhe**
**Galway Childline Listening Volunteer Team**

### Gradam Oibrí Deonach Óg na Bliana
### Young Volunteer of the Year Award

**Scott Moran & Hannah Moran**

### Gradam na hInbhuanaitheachta Comhshaoil
### Environmental Sustainability Award

**Bunscoil Naomh Pádraig**
**St. Patrick's Primary School**

In addition, to mark the awards, the Mayor launched the Galway City Community Spirit - a short video commissioned to showcase and highlight the breath of community spirit and solidarity that was shown throughout 2020, making a significant impact on the quality of life for all communities across Galway City. This video can be viewed on Galway City Council's YouTube channel **https://fb.watch/aVq_easOSe/**







# Gradaim an Mhéara
# The Mayor's Awards

Ag ceiliúradh gníomhaíochtaí deonacha i saol an phobail i gCathair na Gaillimhe

Celebrating voluntary activity in community life in Galway City

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council